


# An Plean Soghluaisteachta Tuaithe Éire a Nascadh

Iompar Poiblí a Fheabhsú  
ar fud Cheantar Tuaithe  
na hÉireann




## ÉIRE A NASCADH - FREASTAL AR PHOBAIL TUAITHE

Is é atá sa Phlean 'Éire a Nascadh' ná mórthionscnamh náisiúnta iompair phoiblí ar fhorbair an tÚdarás Náisiúnta Iompair é d'fhonn nascacht a mhéadú, go háirithe do dhaoine a chónaíonn lasmuigh dár gcuid cathracha agus bailte móra. Tá sé mar aidhm leis an bplean feabhas a chur ar shoghluaisteacht i gceantair thuaithe. Déanfaidh sé amhlaidh trí naisc níos fearr a sholáthar idir sráidbhailte agus bailte trí iad a cheangal le gréasán réigiúnach feabhsaithe lena nasctar cathracha agus lárionaid réigiúnacha ar fud na tíre.

**Mar thoradh ar na feabhsuithe sin, cruthófar córas níos éifeachtaí níos comhtháite lena dtabharfar daoine i gceantair thuaithe chuig na háiteanna ar mian leo dul chucu nuair is mian leo dul chucu.**

## CÉ HÉ AN TÚDARÁS NÁISIÚNTA IOMPAIR?

Oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi choimirce na Roinne Iompair. Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Iompair sa bhliain 2009 agus tá freagracht air as straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun iompar atá ar ardchaighdeán, inrochtana agus inbhuanaithe a sholáthar ar fud na hÉireann. Nuair a smaoiníonn daoine ar an Údarás Náisiúnta Iompair, is minic a smaoiníonn siad ar infheistíocht i seirbhísí iompair phoiblí agus i mbonneagar iompair phoiblí i mór-lárionaid uirbeacha. Tá níos mó i gceist leis an Údarás Náisiúnta Iompair ná tionscadail uirbeacha, áfach. Tá ról lárnach againn freisin in iompar poiblí a sholáthar do dhaoine i mbailte, i sráidbhailte áitiúla agus i gceantair thuaithe mar chuid dár ngréasán 'Transport for Ireland (TFI)'.



Oibríonn busanna Nasc Áitiúil TFI i ngach contae cheana féin, agus iad ag soláthar nascacht ríthábhachtach agus ag freastal ar chinn scríbe ar fud na tíre. Tugann an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistiú agus tacaíocht do na hoibríochtaí, a bhíonn faoi bhainistiú ar an leibhéal áitiúil ag na daoine in oifigí Naisc Áitiúil a bhfuil láneolas acu ar a bpobail áitiúla. Sa bhliain 2019, d'iompair ár seirbhísí Naisc Áitiúil 2.5 milliún paisinéir, an líon ab airde riamh.

## CÉN FÁTH A BHFUIL 'ÉIRE A NASCADH' AG TEASTÁIL?

Chuir an tÚdarás measúnú cuimsitheach i gcrích ar an ngréasán reatha seirbhísí rialta iompair phoiblí atá ag oibriú ar fud na tíre. Leis sin, ghnóthaíomar tuiscint níos fearr ar na réimsí a bhfuil feabhsuithe ag teastáil iontu. Áirítear iad seo a leanas leo sin:

- ▶ Aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa ghréasán, ós rud é nach bhfuil dhá cheann as gach cúig shráidbhaile nasctha chuig an mbaile mór in aice leo
- ▶ Nascacht neamhchothrom idir áiteanna, mar a bhfuil roinnt ceantar dea-nasctha agus mar nach bhfuiltear ag freastal ar cheantair eile
- ▶ A chinntiú go bhfreastalaíonn an t-iompar poiblí ar fheidhmeanna éagsúla agus go bhfuil níos mó i gceist leis ná díriú ar roghanna a sholáthar le haghaidh taisteal chun na hoibre nó an oideachais
- ▶ Amchláir a chomhtháthú ar dhóigh níos fearr chun an t-iompar poiblí a dhéanamh níos úsáidí agus chun naisc idir roghanna difriúla iompair phoiblí a dhéanamh níos fusa

Níl dhá cheann as gach cúig shráidbhaile nasctha chuig an mbaile mór in aice leo.





## AN DIFEAR A DHÉANFAIDH 'ÉIRE A NASCADI' DO PHOBAIL TUAITHE

- ▶ Beidh rochtain ag níos mó ná 70% de dhaoine a chónaíonn lasmuigh de na Cathracha ar sheirbhís iompair phoiblí a sholáthraíonn trí thuras fillidh ar a laghad gach lá le linn na seachtaine chuig baile in aice leo
- ▶ Roghanna soghluaisteachta feabhsaithe a thabhairt do dhaoine i gceantair iargúlta, agus seirbhísí atá Freagrúil don Éileamh agus seirbhísí nuálacha eile iompair á soláthar
- ▶ Níos mó ná 100 nasc nua a sholáthar chuig Lárionaid Áitiúla ó lonnaíochtaí tuaithe sa chúlchríoch
- ▶ Níos mó ná 100 nasc nua a sholáthar chuig Bailte Contae ó gach cineál lonnaíochta timpeall Bailte Contae agus
- ▶ Níos mó ná 60 nasc nua a sholáthar chuig Lárionaid Réigiúnacha nó Cathracha ó gach cineál lonnaíochta timpeall na Lárionad nó na gCathracha sin.



## NA TOGRAÍ UAINN A DHEARADH

Cuirfimid prionsabail éagsúla i bhfeidhm chun na tograí uainn a fhorbairt tuilleadh ar dhóigh níos mionsonraithe tar éis an chomhairliúcháin phoiblí. Áirítear leis na prionsabail sin:

- ▶ Minicíocht na mbealaí atá ann cheana a mhéadú chun níos mó paisinéirí a mhealladh
- ▶ Amchláir úsáideacha chomhtháite a dhearadh
- ▶ Seirbhísí a sceidealú chun go sroichfidh siad lárionad roimh 09:00, go háirithe le haghaidh turais chun na hoibre agus an oideachais
- ▶ Soláthar a dhéanamh do thurais i lár an lae dóibh sin atá ag dul ag siopadóireacht, ag freastal ar choinní sláinte nó ag tabhairt cuairt ar chairde agus ar bhaill teaghlaigh

- ▶ Turas fillidh abhaile a sceidealú ag thart ar 17:30, agus an acmhainneacht ann seirbhís níos déanaí a sholáthar le haghaidh dul amach agus miondíol tráthnóna in áiteanna ina bhfuil éileamh ann
- ▶ Seirbhís a sholáthar seacht lá sa tseachtain
- ▶ Bealaí áitiúla a sholáthar a nascfaidh lonnaíochtaí beaga chuig an ngréasán réigiúnach iompair phoiblí, agus amchláir chomhtháite ann lena dtairgfear níos mó deiseanna cómhálartaithe
- ▶ Freastal ar phríomhláithreacha laistigh de bhailte e.g. ospidéal, stáisiúin traenach, institiúidí oideachais, etc.

Bainfear úsáid as na príonsabail sin chun feabhsuithe ar sheirbhísí bus bealaigh shocraithe a threorú. Tá sé beartaithe againn an gréasán iompair atá Freagrúil don Éileamh a leathnú i gceantair atá faoi líon beag daoine. Is é is lompar atá Freagrúil don Éileamh ann ná seirbhís ó dhoras go doras a chuirtear in áirithe roimh ré agus lena soláthraítear roghanna soghluaisteachta do na daoine sin a chónaíonn i gceantair thuaithe iargúlta, agus a chomhlánaíonn an gnáthiompar sceidealaithe paisinéirí. Fiosróimid cineálacha nuálacha eile cur chuige freisin chun feabhas a chur ar an nascacht iompair phoiblí i gceantair iargúlta.

## **ÁR GCUR CHUIGE COMHOIBRÍOCH**

Thionólamar sraith ceardlann le hÚdaráis Áitiúla agus le Gníomhaireachtaí Náisiúnta. Bhí na ceardlanna sin ina ndeas le tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na bearnaí atá ann sa ghréasán iompair phoiblí ar an leibhéal áitiúil agus chabhraigh siad leis na tograí uainn a mhúnlú. Chabhraigh an luath-idirchaidreamh sin lena chinntiú go ndearnamar breithniú ar phleananna sa todhchaí le haghaidh forbartha agus athruithe féideartha ar an éileamh ar thaisteal. Ní a bhí tábhachtach sna luathchéimeanna comhairliúcháin de ‘Éire a Nascadh’ agus a bheidh tábhachtach i gcéimeanna níos déanaí is ea obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe.



## **AILÍNÍONN ‘ÉIRE A NASCADH’ LEIS AN GCREAT BEARTAIS NÁISIÚNTA**



## **RÓL AN IOMPAIR PHOIBLÍ I DTÉARNAMH NA HÉIREANN TAR ÉIS NA PAINDÉIME**

Ceann de na dúshláin is mó a bhfuil an t-iompar poiblí ag dul i ngleic leo le blianta beaga anuas is ea paindéim Covid-19. De réir mar a bhreathnaímid ar aghaidh agus a thosaíonn an earnáil ag téarnamh, is eol dúinn go bhfuil seans maith ann go rachaidh a lán ama thart sula bhfillfear ar na leibhéil úsáide a bhí ann roimh an bpaindéim.

Mar thoradh ar an ngá práinneach le hastaíochtaí carbóin na hearnála iompair a laghdú, áfach, ní mór dúinn dlús a chur leis an téarnamh sin chomh tapa agus is féidir linn. Is é is ‘Éire a Nascadh’ ann ná ár bplean soiléir uailmhianach chun dlús a chur leis an téarnamh sin agus, go deimhin, úsáid iompair poiblí níos fearr fós a bhaint amach trí chlúdach an ghréasáin a leathnú agus trí fheabhas a chur ar a éifeachtaí atá sé maidir le freastal ar éilimh nua agus athraitheacha ar an iompar.

## BA MHAITH LINN DO THUAIRIMÍ A FHÁIL

Cé nach mbeimid in ann bualadh le daoine i bpearsa le linn an phróisis comhairliúcháin phoiblí, déanfaimid idirchaidreamh le daoine trí chruinnithe poiblí ar líne, trí theagmháil le hionadaithe poiblí, trí na meáin áitiúla agus, rud ba thábhachtaí fós, trí dhaoine den phobal a spreagadh chun freagra a thabhairt dár suirbhé ar líne, rud is féidir a aimsiú ar an suíomh Gréasáin ‘Éire a Nascadh’. Ba mhaith linn a fháil amach an bhfuil sé amhlaidh go n-oireann na prionsabail deartha a bheartaímid a úsáid do do cheantar áitiúil nó nach bhfuil agus tuiscint a ghnóthú ar na nithe eile ba cheart dúinn a chur san áireamh de réir mar a dhearaimid do sheirbhísí.



**Cé gur ar an Údarás Náisiúnta Iompair a bheidh an fhreagracht fhoriomlán as ‘Éire a Nascadh’, beidh rath an tionscnaimh ag brath ar iarracht chomhoibríoch le gníomhaireachtaí éagsúla, leis an earnáil bus tráchtála, lenár n-oibríteoirí seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus le Nasc Áitiúil.**



[www.nationaltransport.ie](http://www.nationaltransport.ie)



[ConnectingIreland@nationaltransport.ie](mailto:ConnectingIreland@nationaltransport.ie)



0818 300121



Éire a Nascadh, Bosca Oifig Phoist 436,  
Páirc Gnó Thuaisceart na Cathrach, Bóthar Thuama, Co.  
na Gaillimhe



**Suíomh Gréasáin:** [www.nationaltransport.ie](http://www.nationaltransport.ie)  
**Ríomhphost:** [ConnectingIreland@nationaltransport.ie](mailto:ConnectingIreland@nationaltransport.ie)  
**Fón:** 0818 300121  
**Post:** Éire a Nascadh,  
Bosca Oifig Phoist 436,  
Páirc Gnó Thuaisceart na Cathrach,  
Bóthar Thuama,  
Co. na Gaillimhe